# NÓSANNA IMEACHTA A BHAINEANN LEIS AN mBEARTAS IOMAÍOCHTA A CHUR CHUN FEIDHME

# AN COIMISIÚN EORPACH

**Réamhfhógra faoi chomhchruinniú**

**(Cás M.11082 – ARP / GRI / JV)**

**Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe**

**(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)**

(2023/C 236/05)

1. An 27 Meitheamh 2023 fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— Agencja Rozwoju Przemysłu S.A. ('ARP') (an Pholainn), atá faoi rialú deiridh Stát na Polainne,

— GRI Renewable Industries, S.L. ('GRI') (an Spáinn), faoi chomhrialú deiridh Ghrúpa Acek agus Ghrúpa Mitsui.

Gheobhaidh ARP agus GRI rialú comhpháirteach ar an JV de réir bhrí Airteagail 3(1)(b) agus 3(4) den Rialachán um Chumaisc.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna i gcuideachta nuachruthaithe ar comhfhiontar í.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Áirítear i measc ghníomhaíochtaí domhanda ARP: a bheith ina chuideachta phunainne, bainistiú réadmhaoine agus caomhnú oidhreachta cultúrtha. Tá ARP, trí fhochuideachta, gníomhach freisin i dtáirgeadh agus i ndáileadh túir gaoithe ar talamh,

— Tá GRI tiomanta do chomhpháirteanna miotail a mhonarú agus a sholáthar le haghaidh tuirbíní gaoithe, i.e. déanann GRI túir ghaoithe (ar talamh agus amach ón gcósta), feirí agus teilgin a mhonarú. Tá GRI gníomhach ar fud an domhain.

3. Is iad seo a leanas na gníomhaíochtaí gnó a bheidh ag an JV: gléasra monaraíochta túir gaoithe amach ón gcósta atá lonnaithe in Gdańsk na Polainne a fhorbairt, a thógáil agus a oibriú.

4. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le nós imeachta simplithe i dtaca le cóireáil comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

5. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúlacha a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 366, 14.12.2013, lch. 5.

M.11082 – ARP / GRI / JV

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË